C/2024/1050

24.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11414 — SKION / BITBURGER / AVISTA OIL

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1050)

1. An 15 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SKion GmbH ('SKion', an Ghearmáin), faoi rialú Susanne Klatten,

— Bitburger Holding GmbH ('Bitburger Holding', an Ghearmáin), atá faoi rialú indíreach Th. Simon GmbH & Co. KG

— Avista OIL AGA ('Avista Oil', an Ghearmáin).

Gheobhaidh SKion agus Bitburger rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Avista Oil ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é SKion cuideachta infheistíochta an fhiontraí Susanne Klatten, a bhfuil scairsheilbh thromlaigh agus scairsheilbh mhionlaigh neamhrialaithe aici i roinnt cuideachtaí a bhfuil gnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha éagsúla acu.

— Is é Bitburger Holding máthairchuideachta foghrúpa de ghrúpa Bitburg, atá gníomhach go príomha i dtáirgeadh agus i ndáileadh beorach. Ina theannta sin, tá scairsheilbh ag Bitburger Holding i gcuideachtaí in earnálacha gnó éagsúla taobh amuigh den chroíghnó atá aige, mar atá beoir.

— Is cuideachta é Avista Oil atá gníomhach i ndiúscairt agus athghiniúint olaí dramhaíola agus leachtanna olacha chun bonn-olaí agus bealaí a tháirgeadh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11414 — SKION / BITBURGER / AVISTA OIL

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË